

Teorainneacha Plátaí Déanmhasacha (2016 C3C)

Teorainn pláta is ea nuair a bhuaileann plátaí de réir mar a dhéantar screamh an Domhain a bhriseadh síos ina phlátaí. Tarlaíonn teorainneacha pláta éagsúla de réir mar a ghluaiseann plátaí le sruthanna comhiompair. Cruthaítear talamh ag teorainneacha plátaí déanmhasacha mar go bhfuil 2 phláta ag dul i dtreonna difriúla.

Nuair a bhíonn 2 phláta aigéanacha ag tarraingt óna chéile, tarlaíonn leathadh ghrinneall na farráige. Cruthaítear screamh nua sa lár agus éiríonn an t-aigéan níos leithne. Ba é Harry Hess a chuir an teoiric le chéile maidir le leathadh ghrinneall na farráige sna 1960idí. Taispeánann an teoiric go gcruthaítear droim sléibhe agus droim nua nuair a tharlaíonn brúchtadh bolcánach ar ghrinneall na farráige. Is féidir cruthúnas a fheiceáil dá theoiric nuair a bhíonn grinneall na farráige níos óige ag na dromanna lár-aigéin, agus tá grinneall na farráige níos sine níos faide ón lár. Tá leathadh ghrinneall na farráige le feiceáil san Íoslainn. Cruthaíodh an Íoslainn áit a bhfuil an droim lár-aigéin os cionn leibhéal na farráige agus leathnaíodh é trí leathadh ghrinneall na farráige. Tá os cionn 200 bolcán san Íoslainn, tá roinnt acu beo agus tá cinn eile suanach. Tá taobh amháin den oileán ar an bpláta Eoráiseach, agus tá an taobh eile ar phláta Mheiriceá Thuaidh. Tá na plátaí seo ag bogadh óna chéile ag ráta 2.5cm in aghaidh na bliana. Tá creathanna talún coitianta ar an oileán. San Íoslainn, brúchtann magma trí na scoilteanna i screamha scoilte. Bíonn sé seo ina chúis le bolcáin. Sa bhliain 2010, chuir brúchtadh Eyjafjallajökull isteach ar eitiltí ar fud an domhain de bharr na scamall luathrigh a chruthaigh sé.

Tarlaíonn dromanna lár-aigéin nuair a tharraingíonn sruthanna comhiompair plátaí óna chéile. De réir mar a scoilteann an screamh, ardaíonn magma agus líonann sé an bhearna, agus cruthaítear screamh nua dá bharr. Éiríonn an magma cruá agus cuireann sé seo le leathnú breise na bplátaí. Ansin ardaíonn níos mó magma le grinneall an aigéin a chruthú le leathadh ghrinneall na farráige. Bíonn líne de shléibhte bolcánacha ar an scoilt idir an dá phláta, ar a dtugtar droim lár-aigéin. Sampla: Droim an Atlantaigh Láir, atá 40,000 km ar fad agus a shíníonn ón bPol Thuaidh go dtí an Pol Theas. Ó theoiric leathadh ghrinneall na farráige, cruthaítear oileáin bholcánacha óga gar don droim, agus cruthaítear cinn níos sine níos faide amach ón droim.

Nuair a bhíonn 2 phláta ilchríochacha ag tarraingt óna chéile, is minic a bhíonn na plátaí lag ó imbhuailtí roimhe. Má tá na plátaí lag, is féidir le magma teacht trí na spotaí laga, rud a chuireann le scoilt na mór-roinne. Tugtar scoilteadh ar an bpróiseas seo. Is éard atá i gceist le scoilteadh ná nuair a osclaítear farraigí i lár mór-roinne, farraige a bhíonn i gcónaí ag leathnú. Sampla: Tá Scoiltghleann na hAfraice Thoir ag an áit a bhfuil dhá phláta (Núibiach agus Somálach) ag tarraingt ón bPláta Arabach.